## Targaireacht Amois

*Bhí Amos ag targaireacht in Israél tímpall na haimsire céanna 'na raibh Osee ag targaireacht ann. Do glaodh é, ó bheith ag aeireacht bhó, chun breithiúntaisí Dé do bhagairt ar phobal Israél agus ar na treabhchasaíbh a bhí sa chómharsanacht, mar gheall ar na peacaíbh a bhí acu á dhéanamh coitianta gan aon aithrí ' dhéanamh.*

### Caib. a hAon

*An fáidh ag bagairt bhreithiúntaisí Dé ar Dhamascus, agus ar Ghasa, agus ar Thuíre, agus ar Edom, agus ar Ammon, mar gheall ar a gceanntréine in sna peacaíbh.*

1 Bréithre Amois a bhí i measc aeirí Thecua: na bréithre a chonaic sé i dtaobh Israél i laethibh Osiais rí Iúda, agus i laethibh Ieroboam mhic Ioais rí Israél, dhá bhliain riomis an luascadh talún[1].
2 Agus duairt sé: Búirfidh an Tiarna ó Shíon, agus cuirfidh sé a ghuth amach ó Iérúsalem: agus tá caí déanta ag áiteannaibh breátha na n-aeirí agus tá mullach Charmel feóchta.

3 Seo mar adeir an Tiarna: Mar gheall ar thrí cuirthibh Dhamascuis, agus mar gheall ar cheithre cuirthibh[2], ní iompód é: óir do dheineadar Galaad do bhualadh le cairtibh iarainn. 4 Agus cuirfead tine isteach i dtigh Asael agus íosfaidh sí tithe Bhenadaid. 5 Agus brisfead sabh Dhamascuis, agus ídeód an lucht cónaithe ó mhachaire an íodail, agus an té go bhfuil an tslat ríoga aige ó thigh an áineasa agus béarfar muíntir Shuíria chun siúil go dtí Cuiréné, adeir an Tiarna.

6 Seo mar adeir an Tiarna: Mar gheall ar thrí cuirthibh le Gasa agus mar gheall ar cheithre cuirthibh, ní iompód é. Óir do rugadar chun siúil leó braighdineas beacht chun iad do dhúnadh suas in Edom. 7 Agus cuirfeadsa uaim tine i bhfalla Ghasa, agus íosfaidh sí tithe Ghasa, 8 agus ídeód an cónaitheach ó Asótus, agus an té go bhfuil an tslat ríoga aige ó Ascalon. Iompód mo lámh in aghaidh Accaroin agus éagfaid an chuid eile de sna Philistínigh, adeir an Tiarna Dia. 9 Seo mar adeir an Tiarna: Mar gheall ar thrí cuirthibh Thuíre, agus ar cheithre cuirthibh ní iompód é. Óir tá braigdineas beacht dúnta suas acu in Edom. Agus níor chuímhníodar ar chonnradh na mbráthar. 10 Agus cuirfeadsa tine uaim ar fhalla Thuíre, agus íosfaidh sí na tithe atá ann.

11 Seo mar adeir an Tiarna: Mar gheall ar thrí cuirthibh a dhein Edom, agus mar gheall ar cheithre cuirthibh, ní iompód é. Óir do lean sé ar thóir a bhrathar leis an gclaíomh, agus do sháraigh sé gach trua dho, agus do lean sé dá dhíbheirg go dtí deireadh. 12 Cuirfeadsa tine uaim isteach i dTeman agus íosfaidh sí tithe Bhosra.

13 Seo mar adeir an Tiarna: Mar gheall ar thrí cuirthibh clainne Ammoin, agus mar gheall ar cheithre cuirthibh, ní iompód é: óir do gheárr sé ar oscailt mná torthacha Ghalaaid chun a shealúis do leathnú. 14 Agus adódsa tine i bhfalla Rabba: agus íosfaidh an tine na tithe atá ann le hualllthartach i ló an chatha, agus le gaoith guarnain i ló na buartha. 15 Agus raghaidh Melchom[3] i mbraighdineas, é féin agus a phriúnsaí i dteannta ' chéile, adeir an Tiarna.

### Caib. a Dó

1 Caib. 1. véar. 1. "*An luascadh talún*". Deir a lán go bhfuil trácth san áit sin ar luascadh mór talún a tháinig an uair a mheas an rí Osias an túis d'ofráil sa teampall. Ach deir an lucht seanchais is feárr eólas gur deimhin gur roimis an aimsir sin a tháinig an luascadh talún ar a bhfuil trácht san áit seo. Óir is fé an tarna Ieroboam a bhí Amos ag targaireacht, agus bhí an Ieroboam san marbh i bhfad sarar dhein Osias an iarracht úd.

2 Véar. 3. "*Ar thrí cuirthibh ... agus ar cheithre cuirthibh*", .i. mar gheall ar a lán cortha nár deineadh aithrí iontu. —*Ibid*. "*Ní iompód é*". .i. ní spárálfad iad ná ní iompód i leataoibh uathu an pionós atá bearthaithe agam dóíbh.

3 Véar. 15. "*Melchom*", .i. dia, nú íodal, na nAmmoníteach. Moloch ainm eile air, agus Melech: focal a chiallaíonn "rí" san Éabhrais. Agus ciallaíonn "Melchom", "a rí".

*Na breithiúntaisí atá ag Dia á bhagairt ar Mhoab agus ar Iúda agus ar Israél, mar gheall ar a bpeacaíbh agus ar a n-easpa baochais.*

1 Seo mar adeir an Tiarna: mar gheall ar thrí cuirthibh a dhein Moab agus mar gheall ar cheithre cuirthibh, ní iompód é: óir do dhoigh sé cnámha rí Edoim ’na luaithreach. 2 Agus cuirfeadsa tine uaim isteach i Moab, agus íosfaidh sí tithe Charioit, agus gheóbhaidh Moab bás le fothram agus le fuaim an trúmpa. 3 Agus ídeód an breitheamh as a lár agus básód a phriúnsaí uile mar aon leis, adeir an Tiarna.

4 Seo mar adeir an Tiarna: Mar gheall ar thrí cuirthibh, agus mar gheall ar cheithre cuirthibh, ní iompód é: óir tá dlí an Tiarna caite uaidh aige, agus níor chimeád sé a aitheanta: óir táid siad curtha amú ag á n-íodalaibh, na híodail gur shiúlaigh a n-aithreacha ’na ndiaidh. 5 Agus cuirfeadsa tine uaim isteach i Iúda agus íosfaidh sí tithe Iérúsalem.

6 Seo mar adeir an Tiarna: mar gheall ar thrí cuirthibh a dhein Israél agus mar gheall ar cheithre cuirthibh, ní iompód é. Óir do dhíol sé an fíoraon ar airgead, agus an duine bocht ar fhéire bróg. 7 Bíd cínn na mbocht acu á bhrú anuas ar chré na talún, agus slí na n-úmhal acu dá iompáil i leataoibh. Agus tá an t-athair agus an mac tar éis dul chun an chailín chéanna, ag tabhairt masla do m’ainm naofa. 8 Agus do shuíodar ar éadaíbh a bhí curtha i ngeall in aice gach altórach. Agus d’ólaidís fíon na ndaoine a daoradh, i dtigh a nDia.

9 Agus do dhíscíos-sa an tAmorrhíteach rómpu, an té go raibh a aoirde mar aoirde na gcéadar, agus go raibh a neart mar ’ bheadh dair; agus do loiteas a thoradh lastuas agus a phréamhacha laistíos. 10 Is mise do thug aníos a tír na hÉigipte sibhse, agus do stiúraíos sibh ar feadh daichead blian sa bhfiantas, i dtreó go sealbhódh sibh talamh an Amorrhítigh. 11 Agus do thógas cuid dúr gclaínn ’na bhfáidhibh, agus cuid dúr bhfearaibh óga ’na Nasarítibh. Ná fuil san amhlaidh, a chlann Israél?, adeir an Tiarna. 12 Agus taraiceóidh sibhse fíon do sna Nasaríteachaibh: agus tabharfaidh sibh órdú do sna fáidhibh, agus déarfaidh sibh: Ná bídh ag fáidheadóireacht.

13 Féach, beadsa ag díoscán[4] fúibhse ar nós carra go mbeadh ualach féir air, 14 agus raghaidh dá theitheadh don luath agus ní bheidh a neart féin ag an dtréan, ná ní bhéarfaidh an fear láidir a anam saor leis. 15 Agus an té go bhfuil greim ar an mbogha aige ní sheasóidh, agus ní raghaidh fear na cuisíochta as, ná ní shábhálfaidh marcach ar muin capaill a anam. 16 Agus beidh fear an chroí láidir ag teitheadh nocht len’ anam an lá san, adeir an Tiarna.

**Caib. a Trí**

*Na huilc a thitfidh ar Israél mar gheall ar a bpeacaíbh.*

1 Éistidh leis an bhfocal atá labhartha ag an dTiarna ’núr dtaobh, a chlann Israél: i dtaobh an teaghlaigh sin uile do thugas aníos a tír na hÉigipte, dhá rá: 2 Is oraibhse amháin, a teaghlachaibh uile an domhain, atá aithne curtha agamsa. Dá bhrí sin agród[5] oraibhse úr mallaitheachtaí go léir.

3 An siúlóid beirt in éineacht mura mbeid siad ar aon aigne? 4 An mbeidh an león ag búirthigh sa choíll mara mbeidh foghail aige? An mbeidh an cat leóin ag screadaigh sa phluais mura mbeidh rud tógtha aige? 5 An dtitfidh an t-éan isteach sa ghaiste ar an dtalamh mura mbeidh sealgaire ann? An dtógfar an gaiste den talamh sara mbeidh aon ní tógtha ann? 6 An mbeidh an trúmpa dá

4 Caib. 2. véar. 13. “*Beadsa ag díoscán*”, .i. ní bhead ábalta ar ualach rómhór na bpeacaí atá déanta agaibh a dh’fhulag níos sia. Mar adeir Ierome Naofa, oiriúnaíonn sprid Dé é féin do thabhairt suas an fháidh agus chuireann sé in’ aigne samhaltasaí a tógtar ó ghnóthaíbh tuatha.

5 Caib. 3. véar. 2. “*Agród*”, .i. pianfad.

shéideadh sa chathair agus gan eagla ar na daoine? An mbeidh sa chathair olc nár dhein an Tiarna[6]? 7 Óir ní dheineann an Tiarna aon ní gan é ' dh'fhoílsiú do sna fáidhibh. 8 Beidh an león ag búirthigh, cé air ná beidh eagla? Tá labhartha ag an dTiarna, cé hé ná déanfaidh fáidheadóireacht?

9 Fógraidh é i dtithibh Asótuis, agus i dtithibh tíre na hÉigipte, agus abraidh: Cruinnídh sibh féin ar shléibhtibh Shamaria agus féachaidh ar iomad na míchiall 'na lár, agus ar na daoine atá ag fulag éagóra 'na hiargúlaibh. 10 Agus níorbh eól dóibh an ceart a dhéanamh, adeir an Tiarna, agus iad ag taisciú mallaitheachta agus foghla 'na dtithibh. 11 Dá bhrí sin, seo mar adeir an Tiarna Dia: Beidh an tír i mbuaireamh, agus tímpallta mórthímpall: agus do neart á thógaint uait, agus do thithe dá scartáil. 12 Seo mar adeir an Tiarna: Fé mar a gheóbhadh an t-aeire, amach a béal an leóin, dhá chois nú barra cluaise, sin mar a bheidh clann Israél atá 'na gcónaí i Samaria dá dtógáilt amach i mblúire de leabaidh agus i súsa Dhamascuis. 13 Cloisidh agus deimhnídh i dteaghlach Iácóib, adeir Tiarna Dia na sló: 14 sa ló 'na dtosnódsa ar iomarbhasaibh Israél d'agairt, go n-agród air sin, agus ar altóraibh Bhetel: agus geárrfar na hadharca den altóir agus titfid siad ar an dtalamh. 15 Agus buailfead an tigh samhraidh mar aon leis an dtigh geímhridh: agus raghaid na tithe éabair ar neamhní agus ídeófar iomad tithe, adeir an Tiarna.

**Caib. a Ceathair**

*Castar leis na hIsraélítigh a n-éagóir ar an bochtaibh, a n-íodaladhradh, a ndo-smachtaitheacht (nú, iad a bheith imithe ó smacht).*

1 Éistidh leis an bhfocal so, a bha ramhra[7] atá i gcnucaibh Shamaria: sibhse a bhíonn ag brú na ndealbh agus ag déanamh éagóra ar bhochtaibh: sibhse adeir lenúr máistríbh: Tugaidh chúinn, agus beimíd ag ól. 2 Tá dearbhaithe ag an dTiarna dar a naofacht féinig, go dtiocfaid, féach, na laethanta oraibh agus go dtógfar sibh ar phícíbh, agus úr n-iarsma i gcorcánaibh ag fiuchaidh, 3 agus beidh sibh ag imeacht na beárthnacha amach, duine ar aghaidh duine eile, agus caithfar amach in Armon[8] sibh, adeir an Tiarna.

4 Tagaidh go Betel, agus deinidh an mhallaitheacht: go dtí Galgal agus bídh ag iomadú úr n-iomarbhas: agus tugaidh libh úr *victimí* ar maidin, úr ndeachúna i dtrí lá. 5 Agus ofrálaidh íbirt mholta le giost: agus bídh ag glaoch ofrálacha saora, agus dhá bhfógairt: óir sin mar ba mhian libh a dhéanamh, a chlann Israél, adeir an Tiarna Dia.

6 Agus mar gheall air sin do thugas-sa dhíbh dúire fiacal 'núr gcathrachaibh go léir, agus easpa aráin 'núr n-áiteannaibh: agus fós níor thánúir thar n-ais chúm, adeir an Tiarna.

7 Agus chimeádas an fhearthainn uaibh, leis, nuair a bhí trí mhí fós go dtí an fómhar: agus do chuireas an fhearthainn ar chathair, agus níor chuireas ar chathair eile í: do fliúchadh páirt, agus d'fheóch an áit nár chuireas an fhearthainn air: 8 agus do thagadh dhá chathair agus trí cathracha chun aon chathrach amháin chun uisce ' dh'ól, agus ní líontí iad: agus fós níor chasúir orm, adeir an Tiarna.

9 Do bhuaileas sibh le gaoith ag loscadh, agus le milcheó, d'ith an luschuach úr ngarraithe iomadúla, agus úr bhfíonghuirt agus úr gcraínn ola, agus úr gcraínn fige: agus fós níor chasúir orm, adeir an Tiarna.

6 Véar. 6. "*Olc nár dhein an Tiarna*", .i. olc pionóis, .i. cogadh, gorta, pláig, léirscrios. Ach ní har olc an pheaca do labharthar. Ní hé Dia is údar leis an olc san.

7 Caib. 4. véar. 1. "*Ba ramhra*", .i. na daoine móra a bhí ag maireachtaint i bhflúirse agus iad lán de shaibhreas.

8 Véar. 3. "*Armon*". Tír éigin i gcéin. Dar le drong is ar Arménia do labhrann an fáidh.

10 Do chuireas bás oraibh i slí na hÉigipte. Do mharaíos úr bhfir óga leis an gclaíomh, chómh fada le braighdineas úr n-eachra agus do chuireas bréantas úr gcampa ag dul suas i bpollaibh úr srón, agus níor chasúir orm, adeir an Tiarna.

11 D'ídíos cuid agaibh fé mar a dh'ídigh Dia Sodom agus Gomorrha, agus bhíúir mar ' bheadh smala do sciobfí as an lasair: agus níor thánúir thar n-ais chúm.

12 Dá bhrí sin déanfadsa na nithe seo leat, a Israél: agus nuair a bheid na nithe seo déanta agam leat ollmhaigh thu féin chun dul i láthair do Dhia, a Israél. 13 Óir féach, an té do chumas na sléibhte agus do chruthaíos an ghaoth agus d'fhógras a bhriathar don duine, an té a dheineas[*] drúcht na maidine agus a bhíonn ag siúl ar áiteannaibh árda na talún, Tiarna Dia na sló is ainm do.

**Caib. a Cúig**

*Israél dá chaoineadh, agus dá chómhairliú chun iompáil ar Dhia.*

1 Éistidh leis an mbriathar so atá agam á thógaint suas 'núr dtaobhsa mar chaoineadh. Tá teaghlach Israél ar lár agus ní éireóidh sé arís go deó. 2 Tá maighdean Israél caite ar lár ar a talamh féinig, agus níl éinne chun í ' thógáilt suas. 3 Óir seo mar adeir an Tiarna Dia: An chathair i dteaghlach Israél as a dtagadh míle duine amach, fágfar inti céad duine, agus an chathair as a dtagadh céad duine amach fágfar inti deichniúr.

4 Óir seo mar adeir an Tiarna le teaghlach Israél: Loirgidh mise agus mairfidh sibh. 5 Ach ná loirgidh Betel[9], agus ná téidh isteach i nGalgal, agus ná himídh anonn go dtí Bersabee. Óir raghaidh Galgal i mbraighdineas, agus beidh Betel gan tairbhe. 6 Loirgidh an Tiarna agus bídh beó, le heagla go loiscfí le tine teaghlach Ióseph, agus beidh an tine ag ithe, agus ní bheidh éinne chun Betel do mhúchadh. 7 Sibhse a bhíonn ag iompáil breithiúntais 'na bhorramótar agus ag tréigean an chirt sa tír, 8 loirgidh an té do dhein Arctúrus agus Oríon[10], agus d'iompaíonn an doircheacht 'na mhaidin[*], agus d'athraíonn an lá in' oíche: an té do ghlaonn ar uisceacha na farraige agus do dhoirteann amach iad ar aghaidh na talún: an Tiarna is ainm do. 9 An té a thugann íde ar an láidir agus léirscrios ar an gcómhachtach le sméideadh[11]. 10 Tá fuath tabhartha acu don té a bhíonn ag imdheargadh sa gheata, agus tá gráin acu ar an té do labhrann go beacht.
11 Dá dheascaibh sin, toisc sibh a bheith ag creachadh an duine bhoicht agus ag baint togha na foghla dhe, beidh sibh ag déanamh tigthe le clochaibh ceárnacha agus ní dhéanfaidh sibh cónaí iontu, beidh sibh ag planndú fíonghort a bheidh go ró-aoibhinn, agus ní ólfaidh sibh an fíon.
12 Óir is eól dómhsa úr gcuirthe iomadúla, agus úr bpeacaí léanmhara: 'núr namhdaibh don fhíoraon, ag glacadh breabanna, ag creachadh na mbocht sa gheata. 13 Dá bhrí sin beidh an ciallmhar ciúin an uair sin, toisc an t-am a bheith go holc.

14 Loirgidh an mhaith, agus ná bídh ag lorg an uilc, i dtreó go mairfidh sibh. Agus beidh an Tiarna, Dia na sló, libh mar atá ráite agaibh. 15 Tugaidh fuath don olc agus grá don mhaith, agus cuiridh ceart ar bun sa gheata: b'fhéidir go ndéanfadh Tiarna Dia na sló trócaire ar iarsma Ióseph.
16 Dá bhrí sin seo mar adeir Tiarna Dia na sló, an t-árd-Rúire: beidh olagón ins gach sráid, agus ins gach áit atá lasmu' beidh, ochón, ochón! acu dá rá, agus glaofaid siad ar an bhfeirmeóir chun an chaointe, agus ar dhaoinibh oilte ar éagaoineadh chun bheith ag caí, 17 agus beidh árdghol in sna fíonghortaibh go léir mar geóbhadsa treasna thríd lár, adeir an Tiarna.

9 Caib. 5. véar. 5. "*Betel—Galgal—Bersabee*", na háiteanna 'na mbídís ag adhradh na n-íodal.
10 Véar. 8. "*Arctúrus agus Oríon*". Réiltín gheal sa taobh thuaidh den spéir is ea Arctúrus. Reann reilteann álainn sa taobh theas den spéir is ea Oríon.
11 Véar. 9. "*Le sméideadh*", .i. go breá réidh, gan aon ní dá ndua ' dh'fháil.

18 Is mairg don mhuíntir a bhíonn ag lorg lae an Tiarna! Cad é an tairbhe dhíbhse é? Ní solas, ach
is doircheacht, an lá san an Tiarna. 19 Fé mar a bheadh duine ag teitheadh ó aghaidh leóin agus go
mbuailfeadh beithir uime: nú mar a raghadh duine isteach 'na thigh féin agus go luífeadh sé lena
láimh ar an bhfalla agus go mbéarfadh athair nímhe air. 20 Nách doircheacht a bheidh i lá an
Tiarna, in inead solais? Agus nách duíbhe gan aon ghileacht, a bheidh ann? 21 Tá fuath agus
diúltú tabhartha agam dúr bhféiltibh, agus ní ghlacfad balaith úr gcómhtionól, 22 agus má bhíonn
sibh ag ofráil íbirtí agus úr dtabharthaistí dhom ní ghlacfad iad, ní lú ná mar a chuirfead suím i
móidibh úr mbeithíoch ramhar. 23 Tóg uaim callóid do dhán, agus ní éistfead le cantainn do
chruite. 24 Ach foílseófar breithiúntas ar nós uisce, agus ceart mar ' bheadh tuile chómhachtach.
25 Ar ofrálúir[12] *victimí* agus íbirtí chúm san uaigneas ar feadh daichead blian, a theaghlach Israél?
26 Ach taibearnacal[13] agaibh dá iompar dúr Moloch agus íomhá úr n-íodal, réiltín úr ndia, an dia a
dheiniúir díbh féinig. 27 Agus cuirfeadsa ' fhéachaint oraibh dul thar Damascus i mbraighdineas,
adeir an Tiarna, Dia na sló a ainm.

**Caib. a Sé**

*An léirscrios ar Israél mar gheall ar a n-uabhar agus ar a ndrúisiúlacht.*

1 Mairg díbhse atá saibhir i Síon, agus díbhse go bhfuil úr muinín agaibh as cnuc Shamaria; a
dhaoine móra, a chínn an phobail, a bhíonn ag dul isteach le gradam i dteaghlach Israél. 2 Imídh
anonn go Caláné agus féachaídh, agus téidh as san go dtí Emat mór, agus téidh síos go dtí Get na
bhFilistíneach agus go dtí gach ríócht dá fheabhas díobh san: más mó a gcríoch ná úr gcríochsa:
3 sibhse atá deighilte amach i gcómhair lae an uilc: agus atá ag teacht i ngar do chathaoir na
mallaitheachta: sibhse do chodlann ar leapachaibh éabair, agus a bhíonn driúisiúil ar úr
leapachaibh: sibhse a bhíonn ag ithe na n-uan as an dtréad agus ag ithe na ngamhan as an mbuar:
5 sibhse a bhíonn ag cantainn chun fuaime an tsaltaire: mheasadar go raibh úirlisí ceóil acu mar '
bhí ag Dáivid: 6 iad san a bhíonn ag ól an fhíona as na báisíníbh, agus dhá n-úngadh féin le
húngthachaibh; agus ní cás leó an ghuais atá ar Ióseph. 7 Uime sin beid siad ag dul sa
bhraighdineas anois i dtosach na ndaoine a bheidh ag dul ann: agus tógfar chun siúil lucht na
drúisiúlachta.

8 Do dhearbhaigh an Tiarna Dia dar a anam féin, adeir an Tiarna, Dia na sló: Tá gráin agam ar
uabhar Iácóib, agus tá fuath agam dá theaghlachaibh, agus tabharfad ar láimh an chathair agus na
daoine atá inti 9 agus má fágtar deichniúr in aon tigh amháin gheóbhaid siad bás. 10 Agus
tógfaidh gaol dhuine suas é agus dófaidh sé é i dtreó go mbéarfaidh sé na cnámha amach as an
dtigh, agus déarfaidh sé leis an té atá i seómraibh iargúla an tí: an bhfuil éinne ansan fós id
theannta? 11 Agus freagróidh seisean: Is é an deireadh é. Agus déarfaidh sé leis: Eist do bhéal agus
ná habair ainm an Tiarna. 12 Óir féach, tabharfaidh an Tiarna órdú, agus buailfidh sé an tigh mór
le beárthnachaibh agus an tigh beag le scoilteannaibh.

13 An féidir do chapaillibh rith i measc na gcloch? Nú an féidir treabhadh le *bubalaibh*? Óir
táthaoise tar éis breithiúntais a dh'iompáil 'na shearús, agus tar éis toradh an chirt a dh'iompáil
'na bhorramótar, 14 sibhse gur i neamhní atá úr ngáirdeachas: sibhse adeir: Ná fuil adharca tógtha
againn chúinn féin lenár neart féinig? 15 Ach féach, árdódsa náisiún 'núr gcoinnibh, a theaghlach
Israél, adeir Tiarna na sló: agus ídeóid siad sibh ó bhéal Emait go dtí sruth an uaignis.

**Caib. a Seacht**

12 Véar. 25. "*Ar ofrálúir*". Lasmu' de sna híbirtíbh a deineadh i dtosach, i dtíolacadh an taibearnacail, níor dhein clann Israél aon íbirtí san uaigneas.

13 Véar. 26. "*Taibearnacal*". Ag tagairt don íodaladhradh a dheineadar nuair a mheall iníonacha Mhoaib iad chun a ndéithe d'adhradh. Uimh. 25.

*Chíonn an fáidh, i dtrí aislingibh, uilc ag teacht ar Israél! Méirleachas ag sagart fallsa Bhetel á chur 'na leith.*

1 Do thaispeáin an Tiarna Dia dhómhsa na nithe seo: agus féach, do cumadh an lócast[14] i dtosach an fháis ón bhfearthainn deirineach, agus b'í an fhearthainn dheirineach í tar éis buana an rí. 2 Agus do thárla, nuair a chríochnaíodar ithe féir ghlais na talún go nduartsa: A Thiarna Dia, bí trócaireach, aicim ort: Cé ' thógfaidh suas Iácób, óir tá sé ana-bheag? 3 Dhein an Tiarna trócaire air sin: Ní bheidh amhlaidh, aduairt an Tiarna.

4 Do thaispeáin an Tiarna na nithe seo dhom: agus féach do ghlaeigh an Tiarna ar bhreithiúntas chun tine, agus do shloig sí an doimhneas mór, agus d'ith sí roinnt san am gcéanna. 5 Agus duartsa: a Thiarna Dia, stad, aicim ort, cé ' thógfaidh suas Iácób, óir aon beag is ea é? 6 Agus dhein an Tiarna trócaire air sin: 'Sea, ní bheidh san amhlaidh, aduairt an Tiarna Dia.

7 Do thaispeáin an Tiarna na nithe seo dhom: agus féach, bhí an Tiarna 'na sheasamh ar fhalla phlástartha agus lian saoir 'na láimh aige. 8 Agus duairt an Tiarna liom: A Amois, cad a chíonn tú? Agus duartsa: Lian saoir. Agus duairt an Tiarna: Féach, cuirfead uaim an lian i lár mo phobail Israél. Ní chuirfead a thuilleadh plástrála orthu, 9 agus leagfar ar lár áiteanna árda an íodail, agus scriosfar *sanctuária* Israél agus éireód suas in aghaidh Ieroboaim leis an gclaíomh.

10 Agus do chuir Amasias, sagart Bhetel, scéala chun Ieroboaim[*], agus duairt sé: Tá Amos tar éis méirleachais a dhéanamh id choinnibh i lár teaghlaigh Israél. Ní fhéadann an tír a chainteanna uile d'fhulag. 11 Óir seo mar adeir Amos: Gheóbhaidh Ieroboam bás le claíomh[15], agus béarfar Israél chun siúil i mbraighdineas amach as a dtír féinig. 12 Agus duairt Amasias le hAmos: Tusa a bhíonn ag feiscint, imigh leat féin isteach i dtír Iúda: agus bí ag ithe bídh ann agus ag fáidheadóireacht ann. 13 Ach ná dein a thuilleadh fáidheadóireachta i mBetel: óir is é Betel *sanctuárium* an rí agus tigh na ríochta. 14 Agus d'fhreagair Amos agus duairt sé le hAmasias: Ní fáidh mise[16], ná ní mac fáidhe me: ach is aeire me a bhíonn ag piocadh figí fiaine. 15 Agus do thóg an Tiarna me agus me i ndiaidh an tréada, agus duairt an Tiarna liom: Imigh; targair dom phobal Israél. 16 Agus anois, éistse le briathar an Tiarna. Deirir: Ní dhéanfair targaireacht in aghaidh Israél, agus ní bheidh tú ag sileadh (do chainnte) ar thigh an íodail[17]. 17 Dá bhrí sin, seo mar adeir an Tiarna: Beidh do bheansa 'na méirdreach sa chathair, agus titfid do chlann mhac agus do chlann iníon leis an gclaíomh agus beidh do chuid tailimh dá thómhas le téid: agus gheóbhairse bás i dtír truaillithe, agus imeóidh Israél i mbraighdineas amach as a dtír féinig.

## Caib. a hOcht

*Taispeántar roim ré, fé shamhaltas crúca lena dtarraigtear anuas torthaí, an léirscrios a bhí le teacht ar Israél mar gheall ar a sainnt agus ar a n-éagórthaibh.*

1 Do thaispeáin an Tiarna Dia dhom na nithe seo: agus féach, crúca chun torthaí do tharrac anuas. 2 Agus duairt sé: A Amois, cad a chíonn tú? Agus duartsa: Crúca chun torthaí do tharrac anuas. Agus duairt an Tiarna liom: Tá deireadh tagaithe ar mo phobal Israél. Ní gheóbhad thórsu a thuilleadh. 3 Agus beid tuisleanna an teampaill ag díoscán an lá san, adeir an Tiarna Dia: gheóbhaid a lá daoine bás. Beidh ciúnas dá leathadh amach ins gach uile áit.

14 Caib. 7. véar. 1. "*An lócast*". Na breithiúntaisí sin ar ar deineadh bogadh trí ímpí an fháidh, ciallaíd siad an dá chur isteach a dhein na Assuíriánaigh roimis sin fé Phul agus fé Theglatphalasar, sarar dhein Salmarasar an léirscrios amu' 's amach ar Israél.

15 Véar. 11. "*Gheóbhaidh Ieroboam bás leis an gclaíomh*". Ní hé sin aduairt an fáidh, ach: "go ndéanfadh an Tiarna éirí suas i gcoinnibh Ieroboaim leis an gclaíomh". Agus do fíoradh san nuair a maraíodh leis an gclaíomh Sacharias, mac Ieroboaim agus an té a bhí le bheith i réim 'na dhiaidh.

16 Véar. 14. "*Ní fáidh mise*", .i. níor tugadh suas me chun bheith im fháidh, ná ní hé mo dhán é. Aeire is ea me gurb é toil Dé me ' chur uaidh chun na háite seo, chun targaireacht a dhéanamh d'Israél.

17 Véar. 16. "*Tigh an íodail*", .i. an ghamhna a hadhartí i mBetel.

4 Éistidh leis sin, sibhse a bhíonn cruaidh ar na bochtaibh agus ag cur na ndealbh sa tír chun
deiridh, 5 dhá rá: Cathain a bheidh an mí caite, agus díolfaimíd ár n-earraí: agus an tsabóid, agus
osclóimíd an t-arbhar: i dtreó go laígheadóimíd an tómhas agus go méadóimíd an *sicil*, agus go
mbeimíd ag dáil ar mheáibh bréagacha. 6 I dtreó go sealbhóimíd an dealbh ar airgead agus an
bocht ar fhéire bróg agus go mbeidh drabhaíol an arbhair againn á dhíol.

7 Tá dearbhaithe ag an dTiarna in aghaidh uabhair Iácóib: go deimhin ní dhearódfad a n-
oibreacha uile go deó. 8 An amhlaidh ná beidh an talamh ag crith mar gheall air sin, agus gach
éinne a chónaíonn air ag caí: agus ag éirí suas in éineacht ar nós abhann, agus á gcaitheamh
amach agus ag rith le fánaidh ar nós abhann na hÉigipte? 9 Agus titfidh amach sa ló san, adeir an
Tiarna Dia, go raghaidh an ghrian fé i lár an lae, agus cuirfead an domhan ag dorchú i lá[*] an
tsolais, 10 agus iompód úr bhféilte chun buartha, agus úr gcantainní chun caointeacháin, agus
cuirfead éadach ruainnigh ar gach drom agaibh, agus maoile ar gach ceann, agus déanfad é ar nós
caoineadh aonmhic, agus a chríoch mar ’ bheadh lá searbh. 11 Féach ag teacht na laethanta, adeir
an Tiarna, agus cuirfeadsa amach gorta sa tír, agus ní gorta bídh é, ná tart uisce, agus gorta
éisteachta le briathar an Tiarna. 12 Agus beid siad ag gluaiseacht ó mhuir go muir, agus ón gceann
thuaidh go dtí an ceann thoir: beid siad ag gabháil tímpall ag lorg bréithir Dé agus ní bhfaighid
siad é. 13 Sa ló san beid na maighdeana álainne agus na fir óga ag titim le tart, 14 iad san a bhíonn
ag dearbhú dar pheaca Shamaria, agus adeir: a Dhain, is beó do Dhia; agus is beó slí Bhersabee,
agus titfid siad, agus ní éireóid siad a thuilleadh.

**Caib. a Naoi**

*Deimhne ar léirscrios Israél: athnuachaint taibearnacail Dháivid, agus iompáil na nGeinte chun na heagailse.*

1 Do chonac an Tiarna ’na sheasamh ar an altóir, agus duairt sé: Buail na tuisleanna, agus croitear
na fárdorais, óir tá sainnt ’na gceannaibh go léir, agus básód an t-aon deirineach díobh leis an
gclaíomh: ní bheidh aon teitheadh dhóibh: beid siad ag teitheadh agus an té dhíobh a theithfidh ní
saorfar é. 2 Má théid siad síos go dtí ifreann tabharfaidh mo lámh aníos as san iad, agus má théid
siad suas go dtí neamh tabharfad anuas as san iad. 3 Agus dá mbeidís i bhfolach i mullach
Chármel cuardód iad agus tógfad as san iad, agus bíodh go raghaidís i bhfolach óm shúil i
ndoimhneas na farraige, tabharfad órdú don phiast san áit sin agus béarfaidh sí orthu. 4 Agus má
imíd siad i mbraighdineas os cómhair a namhad, tabharfadsa órdú don chlaíomh san áit sin agus
maróidh an claíomh iad, agus cuirfeadsa mo shúile orthu, agus ní chun tairbhe é ach chun uilc.
5 Agus is é an Tiarna, Dia na sló, do bhainfidh leis an dtalamh agus leighfidh an talamh; agus beid
gach a bhfuil ’na gcónaí air ag caí, agus éireóidh sé ar nós gach abhann, agus rithfidh sé le fánaidh
ar nós abhann na hÉigipte. 6 An té do fhoirineann a dhul suas[18] ar neamh, agus do bhunáitigh a
thruipeall ar an dtalamh, an té do ghlaonn chuige uisceacha na farraige agus do dhoirteann amach
iad ar aghaidh na talún, an Tiarna is ainm do. 7 Nách cuma nú clann na nÉtíópach[19] dom sibhse, a
theaghlach Israél?, adeir an Tiarna. Nár thugas-sa Israél aníos a tír na hÉigipte?, agus na
Filistínigh amach a Cappadócia? Agus na Suíriánaigh amach a Cuiréné? 8 Féach súile an Tiarna ar
an ríocht pheacúil agus ídeód í ó uachtar na talún. Ach fós ní ídeód teaghlach Iácóib amu’ ’s
amach, adeir an Tiarna. 9 Óir féach, tabharfad órdú, agus criathród teaghlach Israél i measc na
ngeinte, mar a criathraítear arbhar i gcriathar, agus ní thitfidh cloichín ar an dtalamh.
10 Gheóbhaid peacacha uile mo phobail bás leis an gclaíomh: iad san adeir: ní thiocfaid na huilc i
ngar, agus ní thiocfaid siad orainne.

---

18 Caib. 9. véar. 6. “*A dhul suas*”, .i. a chathaoir ríoga atá thuas.
—*Ibid*. “*A thruipeall*” .i. an eaglais atá dlúite ’na chéile le ceanglachaibh aon chreidimh agus aon chomaoine.
19 Véar. 7. “*Clann na nÉtíópach*” .i. chómh dubh leó san mar gheall ar úr bpeacaíbh.

11 Sa ló san árdódsa suas an taibearnacal san Dháivid atá ar lár, agus dúnfad suas na beárthnacha
atá in sna fallaíbh agus deiseód a bhfuil titithe, agus déanfad suas arís é mar a bhí sé in sna
laethibh fadó, 12 i dtreó go sealbhóid siad iarsma Edoim agus na geinte go léir óir tá m'ainm
glaeite os a gcionn: adeir an Tiarna a dheineann na nithe sin. 13 Féach táid na laethanta ag teacht,
adeir an Tiarna, 'na dtiocfaidh an treabhaire suas[20] leis an mbuanaí, agus sataltóir na gcaor le
curadóir an tsíl. Agus beid na sléibhte ag sileadh mísleachta, agus beidh gach cnuc dá shaothrú.
14 Agus tabharfadsa thar n-ais braighdineas mo phobail Israél agus cuirfid siad suas na cathracha
do fágadh, agus cónóid siad iontu, agus cuirfid siad fíonghuirt agus beid siad ag ól a bhfíona, agus
déanfaid siad garraithe agus beid siad ag ithe a dtorthaí. Agus planndód iad ar a dtalamh féinig,
agus ní stracfad amach a thuilleadh iad as a dtalamh féinig, an talamh a thugas dóibh, adeir do
Thiarna Dia.

**Nótaí**

4 *An té do chumas na sléibhte agus do chruthaíos an ghaoth agus d'fhógras a bhriathar don duine, an té a dheineas drúcht na maidine*: *chumas*, *chruthaíos*, *fhógras* and *dheineas* are rare instances of the relative form of the verb in PUL's Irish. This is clear from the wording of the the Latin Vulgate: *quia ecce formans montes, et creans ventum, et annuntians homini eloquium suum, faciens matutinam nebulam*. See John Donovan's explanation in *A Grammar of the Irish Language* (p155).
4 *Agus d'iompaíonn an doircheacht 'na mhaidin*: the manuscript has *mhaidin* here, and not *maidin*, referring back to *doircheacht* in a general way, without noting its feminine gender.
6 *Chun Ieroboaim*: this is an incomplete translation, as the Douay Bible has "to Jeroboam king of Israel".
7 *I lá an tsolais*: there is some confusion in the manuscript here, with *i lá an tsolais* apparently being adjusted to *i lár an tsolais*, although it is unclear by whom. As the Douay Bible here has "in the day of light", the original version is allowed to stand here.

20 Véar. 13. "*Tiocfaidh ... .suas*". Ciallaíonn san flúirse na dtabharthaistí sprideála a bheidh á dtabhairt coitianta d'Eaglais Chríost.